Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2020

Ealaín agus Dearadh

Comhpháirt 2

Tasc Socraithe go Seachtrach

[G9082]

DÁTA EISITHE AR LÍNE DO LÁRIONAID
DÉARDAOIN 2 EANÁIR 2020

AM CEADAITHE

Tá cead ag an lárionad rogha a dhéanamh maidir leis an pháipéar a eisiúint d'iarrthóirí, le tréimhse ullmhúcháin 20 uair an chloig ar a laghad agus tástáil mhaoirsithe amaithe 10 n-uair an chloig ina dhiaidh, san áireamh. Ní mór an tástáil amaithe a bheith comhlánaithe:

- Taobh istigh de thréimhse thrí seachtaine
- Thar cheithre sheisiún amaithe ar a mhéad
- Le cuimsiú sheisiún amháin 4 uair an chloig ar a laghad
- Faoi mhaoirsiú foirmiúil
- Seachtain amháin ar a laghad roimh chur isteach na marcanna de réir dháta CCEA (le deimhniú ar bhonn bliantúil)

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Istigh sa pháipéar seo tá an téama agus na túsphointí molta atá le húsáid don staidéar ullmhúcháin agat, a mbeidh do thástáil amaithe 10 n-uair an chloig dá bharr.

Moltar duit an páipéar iomlán a léamh agus túsphointe amháin a roghnú.

Is é 80 an marc iomlán don aonad seo.

Tasc Socraithe go Seachtrach

Treoir d'iarrthóirí

Sa chomhpháirt seo ní mór duit freagairt do théama, do thúsphointe nó treoir agus saothar a tháirgeadh a chomhlíonann na ceithre chuspóir measúnaithe thíos. Ní mór duit fosta do shaothar a chur i láthair le go ndéanfar measúnú agus modhnóireacht air.

Tá cead agat saothar a tháirgeadh i gceann ar bith de na disciplíní seo a leanas nó i meascán acu:

- Mínealaín – Líníocht agus Péintéireacht
- Mínealaín – Dealbhóireacht
- Mínealaín – Priontaíocht
- Teicstílí
- Ceirmeacht
- Dearadh Grafach
- Grianghrafadóireacht
- Íomhá Ghluaiste/Beochan
- Meáin Dhigiteacha
- Dearadh 3T

Ba chóir duit obair ullmhúcháin, agus toradh deiridh bunaithe ar an obair seo, a tháirgeadh. Ní mór don toradh deiridh agat a bheith táirgthe i scrúdú amaithe 10 n-uair an chloig. Tá sé tábhachtach **go ndéanann tú do chuid pleanála agus ullmhúcháin go cúramach cionn is go gcuideoidh sé seo leat cinneadh a dhéanamh maidir leis na hábhair, na próisis, na teicnící agus na teicneolaíochtaí is cuí le húsáid**. Ní mór gur leat féin an saothar go léir a chuireann tú i láthair don scrúdú. Má bhaineann tú úsáid as saothar nó téacsanna daoine eile i do chuid taighde agus forbartha ní mór duit iad a lua go soiléir.

Tabharfaidh do mhúinteoir na treoracha cruinne duit maidir leis na dátaí agus na hamanna don scrúdú agat agus an dóigh le d'obair ullmhúcháin agus do thoradh deiridh a chur isteach.

Is iad seo a leanas na ceithre chuspóir measúnaithe nach mór duit iad a chomhlíonadh.

Cuspóirí Measúnaithe		**% Ualú**	
CM1	Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe, ag léiriú tuiscint chriticiúil ar fhoinsí	25%	20 marc
CM2	Obair a mhionathrú trí smaointe a fhiosrú, ag roghnú agus ag baint triail as meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí	25%	20 marc
CM3	Smaointe, breathnuithe agus léargais a thaifeadadh atá ábhartha d'intinní de réir mar a théann obair ar aghaidh	25%	20 marc
CM4	Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann intinní i gcrích agus a léiríonn tuiscint ar theanga amhairc	25%	20 marc

Is é an téama don mheasúnú seo ná

‘Súgradh’

Baineann súgradh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar mhaithe le sult agus siamsaíocht seachas ar mhaithe le cuspóir dáiríre nó praiticiúil. Baineann roinnt píosaí san Ealaín agus Dearadh le súgradh agus tá roinnt eile ann a spreagann í. Is féidir leis bheith ag baint fosta le taibhiú, mar shampla, ag bualadh ceoil, nó ról a dhéanamh i ndamhsa nó i ndráma; nó i gceiliúradh amhail cóisirí, féilte agus carnabhail. In amanna, meastar gur foirm den tsúgradh é Ealaín a dhéanamh.

Freagair do cheann amháin acu seo a leanas:

- túsphointe amhairc
- túsphointe do dhisciplíní Ealaíne agus Dearaidh i Roinn 1
- treoir Ealaíne agus Dearaidh ó Roinn 2

Túsphointí Amhairc

Taibhiú / Fuinneamh / Ceol

Sona / Le chéile / Spraoi

Fóillíocht / Caitheamh aimsire / Dathannach



Tóg / Cruthaigh / Digiteach

Popcheol / Eagraithe / Smaoinigh

Réada / Bailigh / Roghanna

Samhlaigh / Ar nós páiste / Cuir i gcéill

Fuaim / Comhdhéanamh / Dinimic

Rialú / Aonair / Fíorúil

Grúpa / Ádh / Straitéis

Cóisir / Solais / Damhsaigh / Ceiliúir

Roinn 1: Túsphointí do Dhisciplíní Ealaíne agus Dearaidh

1. Dearadh Grafach

Táirgeann dearthóirí póstaeir, cláir fógraíochta, léaráidí, pacáistíocht nó féiniúlachtaí branda le faisnéis a thabhairt faoi tháirgí. Baineann na táirgí grafacha thíos úsáid as réada, móitífeanna agus samhlaoidí maidir le súgradh. Is féidir le dearadh spraíúil tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí agus a spriocphobail a mhealladh.



Money Supermarket: **Feachtas Fógraíochta**

Sir Peter Blake: The Beatles, Sgt. Pepper's Lonely Hearts Club Band **– Saothar Ealaíne ar an Albam**

Tom Whalen (Mondo Studios): **Póstaer don *Lego Movie***

Rachael Saunders: **Póstaer do *Hamleys***

Lisa Congdon: Roll With It **– Léaráid**



BAFTA: **Bróisiúr *Children's Film and Television Awards 2017***

2. Teicstílí

Déanann ealaíontóirí agus dearthóirí teicstílí saothair atá spreagtha ag gach gné den téama súgradh. Mar shampla, éadaí do pháistí atá fóirsteanach don tsúgradh; bréagáin bhoga don fhoghlaim trí shúgradh, feistis agus obair ealaíne teicstílí atá spreagtha ag súgradh. .

Debbie Smyth: In Full Swing

Fríos fuaite a léiríonn fuinneamh, gluaiseacht agus spraoi na luascán

Manish Arora

Baill éadaí atá lán le hornáidíocht agus spaoi atá spreagtha ag síscéalta, bréagáin agus aois an pháiste

Ryan Yasin: Petit Pli

Éadaí atá deartha le bogadh agus le fás leis an pháiste

Joana Vasconcelos: Contamination

Suiteáil teicstílí ina mbaintear úsáid spraíúil as cruth, dath, patrúin agus foirm

Lucy Sparrow: The Cornershop

Siopa áitiúil ina bhfuil réada atá go huile is go hiomlán déanta as feilt

Jan Huling

Figiúirí atá lán le hornáidíocht a cheiliúrann bréagáin ó aois an pháiste

3. Mínealaín

Cuireann obair ealaíne áirithe síos ar pháistí nó daoine ag súgradh nó déanann siad iad a thaifeadadh agus léiríonn roinnt acu an dóigh a mothaíonn sé le bheith ag súgradh nó ag taibhiú. Tá saothair eile faoi úsáid spraíúil a bhaint as meáin nó ábhair, nó triail spraíúil leis na míreanna físiúla. Cruthaigh do thoradh féin i nDisciplín ar bith den Mhínealaín.

Jeff Koons: Shelter

An só a bhaineann le réada ó aois an pháiste



Wassily Kandinsky: Swinging

Cóiriúchán spraíúil de dhathanna agus cruthanna atá spreagtha ag fuaim agus ag rithim



Roy Lichtenstein: Whaam

Obair ealaíne atá déanta i stíl na ngreannán a bhí ann nuair a bhí an t-ealaíontóir óg

Jackie Edwards: The Artists Children

Pictiúr a léiríonn na céimeanna éagsúla i gceiliúradh

Salvador Dali: Lobster Telephone

Meascán spraíúil agus bagrach de réada



Penny Brewill: Unsuitable Pets

Meascán neamhghnách de créatúir i mbailiúchán bréagán

4. Grianghrafadóireacht, Meáin Íomhá Ghluaiste agus Dhigiteacha

Is ábhar spreagtha do ghrianghrafadóirí agus ealaíontóirí íomhá ghluaiste í an dóigh a mothaíonn agus a bhfreagraíonn daoine do shúgradh agus do thaibhiú. Bíonn cuid mhór acu fosta ag ionramháil agus ag comhcheangal íomhánna agus próiseas go spraíúil. Bíonn siad ag obair ar phróisis (cheimiceacha) scannán, ar phróisis dhigiteacha, fótagram, ceamaraí mionphoill nó ar íomhánna a ionramháil.

***Jim Le Fevre:* Scannán gairid faoi choinne MTV**

Úsáid chaschláir le freagairt do cheol a bheochan

Mira Kalliomäki

Leabhar Portráidí atá spreagtha ag carachtair i síscéalta

Thomas Dworzak: Girl with balloons

Leanann súgradh ar aghaidh i gcúinsí deacra

Thomas Hoepker: Children Playing at the Berlin Wall

Sean Hillen: Newry Gagarin Crosses the Border

Baintear úsáid spraíúil as íomhánna agus greann

Chris Steele-Perkins: Notting Hill Carnival

Grianghraif a tógadh le pearsantacht na rannpháirtithe a léiriú

5. Ceirmeacht

Is túsphointe é do chuid mhór ceirmeoirí a bheith ag imirt le cré agus ag déanamh tástála uirthi le cruth, foirm, uigeacht, maisiú agus glónra a fhiosrú. Mar shampla, baineann Kate Malone úsáid as tógáil de láimh agus as glónra le himirt le scála, dath agus foirm. Téann Patricia Millar sa tseans go spraíúil le teicnící bácála le dath agus patrún a chur lena saothar.



Kate Malone: Magma Series

Soithí móra a cheiliúrann cruthanna, foirmeacha agus dathanna atá le fáil sa dúlra

Patricia Millar: Out of the Fire

Suiteáil gairdín dealbhaithe a bácáladh i gclais agus atá déanta d'ábhair orgánach ón ghairdín chéanna

Katharine Morling: Boom

Léiriú spraíúil ar ghnáthrudaí

Jim Le Fevre, Mike Patterson agus Roops agus Al Johnstone (Ramp ceramics):* Buaileann Criadóireacht leis an Bheochan don *Crafts Council

Scannán beoite de shoitheach, ag baint úsáid as móitífeanna agus roth

Betty Woodman: The Ming Sisters

Léiriú spraíúil ar íomhánna ó Ríshliocht Ming na Síne

Anne Butler: Remnant – Layered Porcelain

Úsáid neamhghnách de chré phoircealláin le struchtúr a chruthú

Roinn 2: Treoracha d'Ealaín agus Dearadh

1. Treoir Mhínealaíne

Tá *Museum of Childhood* le taispeántas darb ainm *'Playback'* a chur i láthair. Chruthaigh saothar a léiríonn súgradh ó aoiseanna agus cultúir éagsúla nó an dóigh ar athraigh súgradh thar am. Táirg saothar i meán ar bith nó i meascán meán.

Astrid Werner: Ephemeral

John Ward: The Newspaper Boys

David Inshaw: The Badminton Game

Meschac Gaba: Game Room
Museum of Contemporary African Art

Janet Ledger: Play Street

Christopher Richard Wynne Nevinson:
Any Wintry Day in England

2. Treoir Dhearadh Grafach

Tá Amharclann Pleidhcíochta, compántas amharclannaíochta do pháistí, ag forbairt agus tá siad ag iarraidh go mbeadh níos mó daoine óga páirteach ann. Dear agus táirg sraith ábhar réamhfhógra amhail póstaeir le léaráidí, bileoga, cártaí agus/nó cláir fógraí. Ba chóir go dtabharfadh na dearaí eolas do dhaoine óga ar thairbhí a bhaineann le hamharclannaíocht agus le taibhléiriú.

Enkeling: Portrait of the rapper Fresku

Tree Abraham: Harriet the Spy

Póstaeir Scannáin

Patrick Cullum: The Bike Shed Theatre

Obair ealaíne Irisleabhair

Nik Ainley: Mystic

***Eileen Tjan:* Athbhrandáil ar Studio Theatre**

Su Huntley* agus *Donna Muir: The Bright Lights of the West End

Póstaer de chuid *London Underground*

3. Treoir Dhearadh Teicstíle

Tá an eagraíocht ealaíon trasphobail *'Fair Play'* le carnabhal a reáchtáil. Is ceiliúradh é an carnabhal ar an tionchar dhearfach a d'imir ealaín agus cruthaíocht ar an phobal. Dear agus táirg feisteas don charnabhal atá spreagtha ag ealaíon agus an tábhacht a bhaineann le spórt a bheith agat agus tú i mbun cruthaitheachta.

Bob* agus *Roberta Smyth

Obair ealaíne faoin tábhacht a bhaineann le healaín

Clary Salandy

Feistis agus ceannbhearta faoi choinne *Notting Hill Carnival*

Viktor and Rolf: Fall 2015 Collection

Baill éadaigh a rinneadh ag úsáid dromchlaí, frámaí agus íomhánna d'obair ealaíne thraidisiúnta

Oskar Schlemmer: Feistis ón Triadic Ballet

Cruthanna, foirmeacha agus dathanna spraíúla atá spreagtha ag obair ealaíne ó ghluaiseacht Bauhaus

Calmer Karma

Feistis atá bunaithe ar théama Picasso

Hughbon Condor

Feisteas fantaisíochta do charnabhal gairdín

4. Treoir Dhearadh Trí-Thoiseach

Dear réad trí-thoiseach a d'fhéadfadh páistí, iad siúd a bhfuil riachtanais foghlama nó chéadfacha acu, nó daoine scothaosta, a spreagadh le bheith ag súgradh. Don toradh agat, cuir leagan lánmhéide nó leagan mionscála de do tháirge i láthair.

Amy Whitworth: Qubis House

Tithe bábóige nua-aimseartha a fheidhmíonn mar throscán chomh maith

'Hamlet' Toy Theatre

Bréagáin Bhoga ó *Maileg*

Bonnie Binary

Dineasáir bhréige idirghníomhacha, thadhlacha

Michele Bilyeu: With Heart and Hands

Cuilt útamála

Grimms Toys

Deartha le súgradh neamhiata a spreagadh

5. Treoir Ghrianghrafadóireachta, Ealaín Íomhá Ghluaiste agus Meán Digiteach
Tá fleá cheoil ag dúil le cur lena lucht éisteachta trí thaispeántas scannán agus grianghrafadóireachta darb ainm ‘Seinn é go hArd, Seinn é go Soiléir’ a chuimsiú inti. Cuir isteach scannán nó sraith ina bhfuil 3 phíosa ar a laghad, de shaothar grianghrafadóireachta atá spreagtha ag ceol a sheinm nó ag freagairt do cheol.



Mierswa Kluska

Grianghraif a tógadh taobh istigh d’uirlisí Cheolfhoireann Fhiolarmónach Bheirlín



Alive Inside

Scannán faoi chumhacht an cheoil do dhaoine a bhfuil galar Alzheimer orthu

Aardman Animations: Peter Gabriel – Sledgehammer

Físeán ceoil ar bheochan íomhá ar íomhá é



Nathan Johnson: Son Lux, Change is Everything

Físeán ceoil ar bheochan íomhá ar íomhá é

Éiteas agus atmaisféar Fhéile *Glastonbury*



Chris Steele-Perkins: Wolverhampton Disco

6. Treoir Mhínealaíne-Dhealbhóireachta

Tá páirc úr ghnó pleanáilte ag cathair. Leis an áit a dhéanamh tarraingteach le bheith ag obair inti, ba mhaith leis na pleanálaithe páirc dhealbhóireachta a chur inti a bhainfeadh oibrithe sult aisti nuair a bheadh siad ar sos nó ar an bhealach chun na hoibre nó ar an bhealach abhaile. Pleanáil agus déan dealbh nó sraith dealbh atá spreagtha ag an téama 'Beir Bog Ort Féin' *(All Work and No Play)*. Ba chóir go mbeadh na dealbha greannmhar, spraíúil agus ba chóir go gcuirfeadh siad le lúcháir an lae oibre. Is féidir torthaí a chur i láthair mar mhionsamhlacha de réir scála.

Niki de Saint Phalle: Golem

Warde: HQ Architects

Bláthanna a thagann i mbláth mar fhreagairt do choisithe

Caitlind r.c. Brown & Wayne Garrett: Cloud

Claes Oldenburg: Spoon Bridge and Cherry

Toshiko Horiuchi MacAdam

Súgradh le heangach do gach aois

Jeff Koons: Puppy

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

249174